2025/1205

20.6.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1205 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meitheamh 2025

lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta um Ballstáit bhreise a áireamh sa chomhpháirtíocht maidir le Faireachas agus Rianú Spáis

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 58(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2021/696, is féidir le haon Bhallstát a bheith rannpháirteach sa chomhpháirtíocht maidir le Faireachas agus Rianú Spáis (SST) ar choinníoll go gcomhlíonann sé na critéir a leagtar amach san Airteagal sin.

(2) Leagtar amach na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht na mBallstát i bhfo-chomhpháirt SST, maidir le comhpháirtíocht SST a bhunú agus maidir le heochairtháscairí feidhmíochta tosaigh a fhorbairt i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245 ón gCoimisiún ([2]). Measadh gur chomhlíon 15 Bhallstát na critéir maidir le rannpháirtíocht a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/696 mar aon leis na coinníollacha aonair agus comhchoiteanna a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245. D'ainmnigh na Ballstáit sin eintitis náisiúnta bhunaithe a chomhdhéanann comhpháirtíocht SST, i dteannta a chéile, agus shínigh siad, an 11 Samhain 2022, an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le Faireachas agus Rianú Spáis ('Comhaontú Comhpháirtíochta SST'), ina leagtar síos na rialacha agus na sásraí maidir lena gcomhar. Shínigh siad freisin, an 11 Iúil 2023, Socruithe Cur Chun Feidhme le Deasc Thosaigh SST a bhaineann leis an gcomhar faireachais agus rianaithe spáis (na 'Socruithe Cur Chun Feidhme') agus, an 13 Iúil 2023, shínigh an Comhaontú maidir le cearta agus oibleagáidí i ndáil le cearta maoine intleachtúla ('Comhaontú CMI').

(3) Léirigh Ballstáit eile gur spéis leo a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht SST. Dá bhrí sin, an 10 Deireadh Fómhair 2024, d'iarr an Coimisiún ar choiste an Chláir i gcumraíocht um Fheasacht Staide an Spáis (SSA) spéis a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht SST a chur in iúl faoin 9 Nollaig 2024. Dhearbhaigh roinnt de na Ballstáit sin gur spéis leo a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht SST.

(4) Chun a áirithiú go mbeidh Ballstáit eile in ann a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht SST, is gá tuilleadh rialacha a leagan síos maidir lena n-iarratas a chur isteach agus maidir lena fhíorú go gcomhlíonann siad na critéir maidir le rannpháirtíocht a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/696 mar a shonraítear leis na coinníollacha aonair a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245. Chun a n-iarratas a ullmhú agus chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh go leordhóthanach ina rannchuidiú le comhpháirtíocht SST an méid atá bainte amach ag comhpháirtíocht SST go dtí seo, agus go gcuirfear leis an méid sin, ba cheart rochtain a bheith ag na Ballstáit eile sin ar chomhaontuithe agus socruithe atá ann cheana agus, más gá, ar aon doiciméad eile a bhfuil rochtain ag comhaltaí chomhpháirtíocht SST air.

(5) I gcás ina molfaidh na Ballstáit braiteoirí le haghaidh chomhpháirtíocht SST, ba cheart staidéar ailtireachta a cheangal, dá dtagraítear faoi na coinníollacha comhchoiteanna a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245, chun breisluach na mbraiteoirí sin do chomhpháirtíocht SST atá ann cheana a léiriú.

([1]) IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2022 lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na mBallstát i bhfo-chomhpháirt SST, bunú na Comhpháirtíochta SST agus an fhorbairt ar na heochairtháscairí feidhmíochta tosaigh (IO L 190, 19.7.2022, lch. 166, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1245/oj).

(6) Chun a áirithiú go mbeidh Ballstáit iarrthacha in ann a bheith rannpháirteach sa chéad Chomhaontú Deontais eile atá le tabhairt i gcrích idir comhpháirtíocht SST agus an Coimisiún sula bhfoilseofar an chéad deontas eile idir R4 2025 agus R1 2026, ba cheart sprioc-am a sholáthar do na Ballstáit iarrthacha chun a n-iarratas a chur isteach.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ó choiste an Chláir i gcumraíocht SSA dá dtagraítear in Airteagal 107(1) de Rialachán (AE) 2021/696.

(8) Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir chun dóthain ama a thabhairt chun na hiarratais a phróiseáil agus an chéad Chomhaontú Deontais eile a ullmhú d'fhonn a áirithiú go gcuirfear seirbhísí SST an Aontais ar fáil gan bhriseadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an gCinneadh seo, leagtar síos an nós imeachta maidir le Ballstáit bhreise a bheith rannpháirteach sa chomhpháirtíocht maidir le Faireachas agus Rianú Spáis (SST).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. Ciallaíonn 'comhpháirtíocht SST' an chomhpháirtíocht d'eintitis náisiúnta bhunaithe arna n-ainmniú a cruthaíodh leis an gcomhaontú comhpháirtíochta SST dá dtagraítear in Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2021/696;

2. ciallaíonn 'Ballstát rannpháirteach' aon Bhallstát atá rannpháirteach i gcomhpháirtíocht SST.

Airteagal 3

Iarratas

1. Féadfaidh Ballstát nach Ballstát rannpháirteach é iarratas a dhéanamh chun bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht SST trí iarratas aonair a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le míreanna 2 go 6 ('an Ballstát iarrthach').

Tabharfaidh comhpháirtíocht SST rochtain do na Ballstáit, tar éis dóibh a dhearbhú gur spéis leo a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht SST, ar chomhaontuithe agus ar shocruithe atá ann cheana agus, más gá, ar aon doiciméad eile a bhfuil rochtain ag comhaltaí chomhpháirtíocht SST orthu.

2. Ainmneoidh Ballstát iarrthach eintiteas náisiúnta bunaithe ar a chríoch chun ionadaíocht a dhéanamh air. Údarás poiblí de chuid Ballstáit nó comhlacht a mbeidh sé de chúram air údarás poiblí den sórt sin a fheidhmiú a bheidh san eintiteas.

3. Cuirfidh Ballstát iarrthach iarratas isteach ina mbeidh an méid seo a leanas:

(a) ainm agus sonraí teagmhála an eintitis náisiúnta bhunaithe arna ainmniú i gcomhréir le mír 2;

(b) faisnéis maidir le húinéireacht nó rochtain ar bhraiteoirí leordhóthanacha SST atá ar fáil d'fho-chomhpháirt SST agus acmhainní daonna lena n-oibriú, sin nó úinéireacht nó rochtain ar chumais leordhóthanacha anailísithe oibríochtúla agus próiseála sonraí arna ndearadh go speisialta do SST agus atá ar fáil d'fho-chomhpháirt SST, agus measúnú riosca slándála tosaigh ar gach cumas braiteora SST agus próiseála sonraí arna ndéanamh agus arna mbailíochtú ag an mBallstát iarrthach lena léirítear go gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 57(1), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2021/696 mar a shonraítear sna coinníollacha aonair a leagtar amach i roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245;

(c) i gcás ina molann an Ballstát iarrthach braiteoirí mar chuid dá iarratas, staidéar ailtireachta dá dtagraítear faoi choinníollacha comhchoiteanna, mar a leagtar amach i roinn 2.2 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245 lena ndéantar anailís ar bhreisluach na mbraiteoirí arna mholadh ag an mBallstát iarrthach le haghaidh chomhpháirtíocht SST, arna ullmhú ag an mBallstát iarrthach agus ag comhpháirtíocht SST.

4. I gcás ina mbeidh faisnéis rúnaicmithe in iarratas, beidh feidhm ag Cinneadh 2013/488/AE ([3]) ón gComhairle. Ní áireoidh Ballstát iarrthach in iarratas faisnéis rúnaicmithe a sháraíonn an t-aicmiú RESTREINT UE/EU RESTRICTED.

Beidh achoimre feidhmiúcháin sna hiarratais nach mbeidh aon fhaisnéis rúnaicmithe inti.

5. Cuirfear iarratais isteach i bhformáid leictreonach 15 lá féilire ar a dhéanaí tar éis fógra a thabhairt faoin gCinneadh seo faoi 17:00 am na Bruiséile trí ríomhphost chuig DEFIS-SST@ec.europa.eu. In imthosca eisceachtúla, ar iarraidh réasúnaithe ón mBallstát iarrthach, féadfaidh an Coimisiún síneadh 5 lá féilire ar a mhéad a chur leis an sprioc-am sin.

6. Seolfar leagan cruachóipe amháin de gach iarratas chuig an seoladh seo a leanas a luaithe is féidir tar éis iarratas a chur isteach i gcomhréir le mír 5:

An Coimisiún Eorpach
AS an Tionscail Cosanta agus an Spáis
Aonad C.1 Nascacht Shlán agus Faireachas Spáis
BREY 07/080
Avenue d'Auderghem 45
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Airteagal 4

Measúnú comhlíontachta

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarratas.

2. Le linn an mheasúnaithe ar an iarratas, féadfaidh an Coimisiún ceisteanna agus barúlacha faoin iarratas a sheoladh chuig eintiteas náisiúnta bunaithe an Bhallstáit iarrthaigh dá dtagraítear in Airteagal 3(3), pointe (a). Tabharfaidh an Ballstát iarrthach freagra laistigh de 4 seachtaine agus, más iomchuí, tabharfaidh sé a iarratas cothrom le dáta.

3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an méid seo a leanas:

(a) ar léirigh an Ballstát iarrthach go bhfuil na critéir a leagtar amach in Airteagal 57(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2021/696 á gcomhlíonadh mar a shonraítear leis na coinníollacha aonair a leagtar amach i roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245;

(b) i gcás ina molann an Ballstát iarrthach braiteoirí mar chuid dá iarratas, an léiríonn comhpháirtíocht SST, mar chuid den staidéar ailtireachta, go dtugann na braiteoirí arna moladh ag an mBallstát iarrthach breisluach do chomhpháirtíocht SST.

4. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát iarrthach, agus do na heintitis náisiúnta bhunaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit rannpháirteacha, maidir le toradh an mheasúnaithe comhlíontachta.

([3]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/488/oj).

Airteagal 5

Glacadh críochnaitheach

1. A luaithe a chinnfidh an Coimisiún go bhfuil an t-iarratas i gcomhréir le hAirteagal 4, seolfaidh an Ballstát iarrthach chuig an gCoimisiún na cóipeanna sínithe de Chomhaontú Comhpháirtíochta SST, den Chomhaontú maidir le Cearta Maoine Intleachtúla agus de na Socruithe Cur Chun Feidhme le Deasc Thosaigh SST.

2. Déanfaidh an Coimisiún liosta a bheidh tugtha cothrom le dáta de na Ballstáit Rannpháirteacha a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN